Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7311/26**

**EF 74**
**ECOFIN 342**
**DELACT 50**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 80 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.3.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá córais, acmhainní agus nósanna imeachta na n-athbhreithneoirí seachtracha, a bhfeidhm chomhlíonta, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, modheolaíochtaí measúnaithe agus faisnéis a úsáidtear le haghaidh athbhreithnithe, chomh maith le faisnéis, foirm agus ábhar na n-iarratas ar aitheantas athbhreithneoirí seachtracha tríú tír |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 80 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 80 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.3.2026
C(2026) 80 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 12.3.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá córais, acmhainní agus nósanna imeachta na n-athbhreithneoirí seachtracha, a bhfeidhm chomhlíonta, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, modheolaíochtaí measúnaithe agus faisnéis a úsáidtear le haghaidh athbhreithnithe, chomh maith le faisnéis, foirm agus ábhar na n-iarratas ar aitheantas athbhreithneoirí seachtracha tríú tír**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2023/2631 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht, bunaítear an caighdeán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha. Is ar bhonn deonach a úsáidtear an caighdeán sin, agus tá sé ceaptha chun na caighdeáin mhargaidh atá ann cheana a chomhlánú. Trí 'caighdeán óir' nua a chur ar fáil, tá coinne leis go gcothófar uaillmhian sa mhargadh le haghaidh bannaí glasa ar an iomlán mar gheall ar an uirlis sin agus, an tráth céanna, go spreagfar an caighdeánú, go méadófar an trédhearcacht agus go gcuirfear infheisteoirí ar a suaimhneas trí dhul i ngleic leis an nglas-snasú.

Braitheann an caighdeán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha ar chritéir mhionsonraithe Thacsanomaíocht an Aontais chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha glasa a shainmhíniú, agus ceanglaítear leis go n-úsáidfear 85 % d'fháltais an bhanna chun gníomhaíochtaí atá ailínithe le critéir scagtha theicniúla Thacsanomaíocht an Aontais a mhaoiniú. Áirithítear leis leibhéil trédhearcachta atá i gcomhréir le dea-chleachtas an mhargaidh agus ceanglaítear leis maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí a dhéanann athbhreithnithe réamheisiúna agus iareisiúna ar Bhannaí Glasa Eorpacha ar leibhéal an Aontais. Tugadh an cúram deireanach sin don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

Tar éis an 21 Meitheamh 2026, aon chuideachta atá ag iarraidh seirbhísí athbhreithnithe sheachtraigh a sholáthar faoi Rialachán (AE) 2023/2631, ní mór di a bheith cláraithe le ESMA agus a bheith faoi mhaoirseacht ag ESMA. Leis an Rialachán, cumhachtaítear ESMA caighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt lena sonraítear forálacha áirithe le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha.

Leis na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe seo, cumhdaítear na cumhachtuithe in Airteagal 26(3), Airteagal 29(4), Airteagal 30(3), Airteagal 31(4) agus Airteagal 42(9) de Rialachán (AE) 2023/2631. Baineann siad le roinnt prionsabail ghinearálta atá le leanúint ag athbhreithneoirí seachtracha, an fheidhm chomhlíonta, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, modheolaíochtaí measúnaithe agus faisnéis a úsáidtear le haghaidh athbhreithnithe, chomh maith le faisnéis, foirm agus ábhar na n-iarratas ar aitheantas ag athbhreithneoirí seachtracha ionchasacha ó thríú tíortha.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 7 Aibreán 2025, d'fhoilsigh ESMA páipéar comhairliúcháin maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála sin, chomh maith le caighdeán teicniúil cur chun feidhme, chun míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht is bonn lena thograí agus chun tuairimí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara. Dúnadh an comhairliúchán poiblí 8 seachtaine an 30 Bealtaine 2025. Le linn na tréimhse sin, d'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí. Áiríodh ina thuarascáil chríochnaitheach chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme athbhreithnithe ina gcuirtear san áireamh an t-aiseolas a cuireadh faoi bhráid ESMA.

Fuair ESMA 15 fhreagra ar an iomlán (7 gcinn díobh sin faoi rún) ó sholáthraithe seirbhísí iniúchóireachta, cuntasaíochta agus dearbhaithe, ó chomhairleoireachtaí inbhuanaitheachta agus ó sholáthraithe tuairime dara páirtí, ó ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ó chomhlachtaí tástála, cigireachta agus measúnaithe deimhniúcháin agus óna gcomhlachais faoi seach, agus ó institiúid baincéireachta amháin. Tá na 8 rannchuidiú neamhrúnda le fáil ar shuíomh gréasáin ESMA.

Tríd is tríd, thacaigh freagróirí an chomhairliúcháin phoiblí le tograí ESMA. Tá achoimre níos mionsonraithe ar an aiseolas le fáil sa tuarascáil chríochnaitheach a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ESMA.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Baineann Airteagal 1 leis na critéir nach mór d'athbhreithneoirí seachtracha a chomhlíonadh maidir lena iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá a gcuid córas, acmhainní agus nósanna imeachta. Leagtar amach in Airteagal 2 na critéir chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na córais, na hacmhainní agus na nósanna imeachta sin. Cumhdaítear le hAirteagail 3 go 5 na feidhmeanna comhlíonta laistigh de na hathbhreithneoirí seachtracha, mar a leanas: sonraítear le hAirteagal 3 na critéir chun measúnú a dhéanamh ar údarás na feidhme comhlíonta; leagtar amach le hAirteagal 4 na critéir chun measúnú a dhéanamh ar acmhainní agus saineolas na feidhme comhlíonta; agus leagtar amach le hAirteagal 5 na critéir chun measúnú a dhéanamh ar chumas na bhfeidhmeanna comhlíonta rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha.

Baineann Airteagal 6 leis na critéir a bhfuil measúnú le déanamh orthu atá nasctha le fóntacht nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta na n-athbhreithneoirí seachtracha. Leagtar amach le hAirteagal 7 na critéir a bhaineann le fóntacht a sásraí rialaithe inmheánaigh agus leagtar amach le hAirteagal 8 na critéir a bhaineann le héifeachtacht na socruithe rialaithe agus coimirce le haghaidh córais próiseála faisnéise.

Cumhdaítear le hAirteagail 9 agus 10 ceanglais atá nasctha leis na modheolaíochtaí agus leis an bhfaisnéis a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha dá n-athbhreithnithe, mar a leanas: sonraítear le hAirteagal 9 na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht leordhóthanach na faisnéise; agus sonraítear le hAirteagal 10 na critéir chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na bhfoinsí faisnéise.

Leagtar amach le hAirteagal 11 an fhormáid atá le leanúint don iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír ar Bhannaí Glasa Eorpacha. Sonraítear le hAirteagal 12 dáta theacht i bhfeidhm an Ghnímh Tharmligthe.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ag an nGníomh Tarmligthe seo ar bhuiséad an Aontais.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.3.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá córais, acmhainní agus nósanna imeachta na n-athbhreithneoirí seachtracha, a bhfeidhm chomhlíonta, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, modheolaíochtaí measúnaithe agus faisnéis a úsáidtear le haghaidh athbhreithnithe, chomh maith le faisnéis, foirm agus ábhar na n-iarratas ar aitheantas athbhreithneoirí seachtracha tríú tír**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht[1], agus go háirithe Airteagal 26(3), an tríú fomhír, Airteagal 29(4), an tríú fomhír, Airteagal 30(3), an tríú fomhír, Airteagal 31(4), an tríú fomhír, agus Airteagal 42(9), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá a gcuid córas, acmhainní agus nósanna imeachta a áirithiú, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha breithniú cuimsitheach a dhéanamh ar a socruithe inmheánacha, ó stóinseacht na gcóras faisnéise go leordhóthanacht na n-acmhainní daonna, teicniúla agus ábhartha. Ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha creat measúnaithe stóinsithe a fhorbairt mar chuid dá nósanna imeachta, inar cheart na critéir íosta a chuimsiú atá le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise agus ar iontaofacht na bhfoinsí a úsáidtear i ngníomhaíochtaí measúnaithe.

(2) Ar an gcúis chéanna, ba cheart aon easnamh i gcórais, in acmhainní agus i nósanna imeachta a shainaithnítear agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh ar a leordhóthanacht agus a n-éifeachtacht a thaifeadadh, a leigheas agus a thuairisciú go leormhaith, agus ba cheart do chomhaltaí de chomhlacht bainistíochta an athbhreithneora sheachtraigh formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha.

[1] Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

(3) Chun go mbeidh an t-údarás ag an bhfeidhm chomhlíonta a cuid freagrachtaí a chur i gcrích i gceart agus go neamhspleách, ba cheart beartas nó beartais maidir le feidhm chomhlíonta arna bhformheas ag bord a bheith ag athbhreithneoirí seachtracha agus ba cheart an fheidhm chomhlíonta a bheith i struchtúir eagraíochtúla ábhartha an athbhreithneora sheachtraigh, lena n-áirítear coistí.

(4) Chun acmhainní is gá na feidhme comhlíonta a ráthú agus chun a chur ar a cumas don fheidhm chomhlíonta a cuid cúraimí faireacháin a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha acmhainní teicniúla agus daonna leordhóthanacha a thiomnú don fheidhm sin.

(5) Chun an saineolas is gá maidir leis an bhfeidhm chomhlíonta a bhunú, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha scileanna agus taithí chomhchoiteann agus cothrom le dáta na ndaoine a dhéanann an fheidhm chomhlíonta a áirithiú, lena n-áirítear trína fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an stair fostaíochta agus na cáilíochtaí gairmiúla is gá ag na daoine sin, agus trí ardleibhéil leordhóthanacha oiliúna inmheánaí a chur ar fáil.

(6) Chun go mbeidh rochtain ag an bhfeidhm chomhlíonta ar an bhfaisnéis ábhartha uile, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha a áirithiú gur féidir leis an bhfeidhm chomhlíonta faisnéis a fháil ó na foinsí uile a theastaíonn uaithi chun a cuid cúraimí a chomhlíonadh go leormhaith, lena n-áirítear taifid ar fheidhm chorparáideach agus rialaithe, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha sceithireachta agus gearáin custaiméirí. I bhfianaise an ghá atá ann a áirithiú go gcloíonn soláthraithe seirbhíse tríú páirtí agus aonaid ghnó eile leis na caighdeáin chéanna leis an athbhreithneoir seachtrach féin, ba cheart rochtain a bheith ag an bhfeidhm chomhlíonta freisin ar fhaisnéis maidir le haon fheidhm sheachfhoinsithe nó línte gnó eile de chuid an athbhreithneora sheachtraigh.

(7) Chun fóntacht a nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta a áirithiú, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha taifid leormhaithe a choinneáil ar bun ar theagmhais chuntasaíochta ábhartha agus caighdeáin agus rialacha cuntasaíochta is infheidhme a chomhlíonadh.

(8) Chun sásraí rialaithe inmheánaigh fónta a choinneáil ar bun, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha córas cuimsitheach rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme atá dírithe ar thimpeallacht rialaithe láidir chomhréireach a chruthú, rioscaí a bhainistiú go héifeachtach, gníomhaíochtaí rialaithe is gá a chur chun feidhme, sreafaí soiléire faisnéise agus cumarsáid a áirithiú agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí.

(9) Chun éifeachtacht na socruithe rialaithe agus coimirce le haghaidh córais próiseála faisnéise a ráthú, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha creat rialaithe a chur chun feidhme le haghaidh bainistíocht riosca TFC lena n-áirítear measúnuithe TF agus measúnuithe slándála faisnéise agus tástáil ar chórais chúltaca TFC chun leanúnachas gnó a áirithiú.

(10) Chun a áirithiú go mbeidh a dtuairim bunaithe ar anailís chríochnúil ar fhaisnéis atá de cháilíocht leordhóthanach agus ó fhoinsí iontaofa, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha critéir shonracha a chur i bhfeidhm ina modheolaíochtaí measúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.

(11) Chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise a úsáidtear, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin iomlán, ábhartha, tráthúil agus bunaithe ar thoimhdí réasúnacha, lena n-áirítear trína áirithiú go soláthraítear leis an bhfaisnéis sin léiriú cuimsitheach ar an tionscadal arna chistiú ag

banna agus cineál agus earnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha á gcur san áireamh. Ar an gcúis sin, ba cheart nasc díreach a bheith ag an bhfaisnéis le saintréithe an bhanna, ba cheart léiriú cruinn a thabhairt ar an tionscadal cistithe léi, ba cheart í a bheith cothrom le dáta agus ba cheart teorainneacha réamhaisnéise agus éiginnteachtaí bunúsacha a mheas léi.

(12) Chun meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht foinsí, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha a áirithiú go soláthraíonn na foinsí sin faisnéis oibiachtúil a bhfuil bunús léi. Ba cheart foinsí a bheith inchreidte agus ba cheart doiciméadacht a bheith ag gabháil leo ina leagtar amach na céimeanna chun faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil, an cur chuige maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar shonraí stairiúla i gcás inarb infheidhme, agus aon teorainn a dhéanann difear don fhoinse. Ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha tosaíocht chuí a thabhairt d'fhaisnéis a eascraíonn as ceanglais rialála nó d'fhaisnéis atá faoi réir dearbhú nó deimhniú neamhspleách, agus do chaighdeáin ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

(13) Chun inchomparáideacht na faisnéise a bhailítear a chur chun cinn, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht leordhóthanach na faisnéise agus ar iontaofacht na bhfoinsí faisnéise a chur i bhfeidhm ar bhealach intomhaiste maidir le gach athbhreithniú seachtrach agus maidir le gach foinse faisnéise.

(14) Ba cheart don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) a bheith in ann a mheas cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann iarratasóirí ar aitheantas mar athbhreithneoirí seachtracha tríú tír na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 23(2) agus 42(3) de Rialachán (AE) 2023/2631, lena n-áirítear na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2180 ón gCoimisiún[2]. Ar an gcúis sin, ba cheart d'iarratasóirí faisnéis atá cothrom le dáta lena n-áirítear na mionsonraí ábhartha uile a sholáthar i bhformáid atá soiléir agus gan débhrí.

(15) Chun an tslándáil a choimirciú agus feabhas a chur ar bhainistíocht agus inúsáidteacht sonraí, ghlac ESMA modhanna clárúcháin dhigitigh lena sonraítear faisnéis, foirm agus ábhar an iarratais ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír ar Bhannaí Glasa Eorpacha. Dá bhrí sin, aon fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ESMA in iarratas, ba cheart í a bheith meaisín-inléite agus ar mheán marthanach.

(16) Chun cúnamh a thabhairt do ESMA na doiciméid atá curtha isteach ag iarratasóir mar chuid den iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír a shainaithint, ba cheart d'iarratasóirí uimhir thagartha uathúil a chomhfhreagraíonn do gach doiciméad a sholáthar.

(17) Ar mhaithe le dearbhú agus cuntasacht, ba cheart d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír an t-iarratas sin a chomhlánú le litir arna síniú ag comhalta dá mbainistíocht shinsearach, lena bhfianaítear go bhfuil an

---

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2180 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha chun athbhreithneoirí seachtracha a chlárú, na critéir chun measúnú a dhéanamh ar bhainistiú maith stuama ar athbhreithneoirí seachtracha, oiriúnacht eolas, thaithí agus oiliúint fhostaithe na n-athbhreithneoirí seachtracha, agus na coinníollacha ar féidir le hathbhreithneoirí seachtracha a ngníomhaíochtaí measúnaithe a sheachfhoinsiú fúthu (IO L, 2025/2180, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2180/oj).

fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol don chomhalta sin.

(18) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. I ndáil leis sin, aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann ESMA agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann eintitis a dhéanann iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach laistigh de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus le ceanglais náisiúnta maidir le daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

(19) Is gá é a chur ar a chumas do ESMA measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann iarratasóir a dhéanann iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír na coinníollacha maidir le haitheantas den sórt sin, agus coimircí cuí á n-áirithiú an tráth céanna. Ar an gcúis sin, ba cheart do na hathbhreithneoirí seachtracha sin agus do ESMA sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratasóirí ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis don iarratasóir sin scor dá fheidhm a chomhlíonadh. Ar na cúiseanna céanna, i gcás inar dhiúltaigh ESMA aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír nó i gcás inar tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír, ba cheart do ESMA sonraí pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir sin a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis aitheantas an iarratasóra a dhiúltú nó tar éis an t-iarratas a tharraingt siar.

(20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé barúlacha foirmiúla an 19 Samhain 2025.

(21) Tá dlúthnasc idir na caighdeáin theicniúla rialála atá le glacadh ar bhonn na gcumhachtuithe a leagtar síos in Airteagal 26(3), an tríú fomhír, Airteagal 29(4), an tríú fomhír, Airteagal 30(3), an tríú fomhír, Airteagal 31(4), an tríú fomhír, agus Airteagal 42(9), an tríú fomhír de Rialachán (AE) 2023/2631, ós rud é go bhfuil feidhm acu uile maidir le hathbhreithneoirí seachtracha. Chun comhleanúnachas idir na forálacha sin a áirithiú agus léargas cuimsitheach a éascú d'athbhreithneoirí

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

seachtracha ionchasacha ar a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/2631, ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a chuachadh in aon Rialachán Tarmligthe amháin.

(22) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(23) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bhfuil an Rialachán seo bunaithe orthu, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann athbhreithneoirí seachtracha na córais, na hacmhainní agus na nósanna imeachta iomchuí, leordhóthanacha agus éifeachtacha chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/2631 a chomhlíonadh**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá na córais, acmhainní agus nósanna imeachta a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/2631 a chomhlíonadh, dá dtagraítear in Airteagal 26(1) den Rialachán sin:

(a) go gcoimircítear leis na córais atá i bhfeidhm slándáil, sláine agus rúndacht na faisnéise agus go n-áirithítear leo leanúnachas agus rialtacht i bhfeidhmíocht na n-athbhreithnithe seachtracha;

(b) go bhfuil na hacmhainní daonna, teicniúla agus ábhartha a úsáidtear leordhóthanach chun na rioscaí a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, is é sin le rá, na rioscaí seo a leanas:

 (i) na rioscaí a bhfuil athbhreithneoir seachtrach neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh athbhreithneoir seachtrach a bheith neamhchosanta orthu;

 (ii) na rioscaí a bhaineann le hathbhreithneoir seachtrach. nó a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hathbhreithneoir seachtrach. do pháirtithe eile;

(c) tá na gnéithe seo a leanas sna nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun modheolaíochtaí measúnaithe a chur i bhfeidhm go hoibiachtúil agus go comhsheasmhach:

 (i) próisis chun faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a bhailiú le haghaidh na ngníomhaíochtaí measúnaithe, lena n-áirítear ón eisitheoir nó ón tionscnóir, ó fhoinsí poiblí nó ó thríú páirtithe;

 (ii) bearta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bailiú agus measúnú faisnéise;

5 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(iii) próisis lena rialaítear athbhreithniú agus tuairisciú earráidí i modheolaíochtaí measúnaithe nó ina gcur i bhfeidhm;

(iv) teicnící, modhanna agus prótacail chun gníomhaíochtaí measúnaithe, príomhthoimhdí agus sonraí tomhais a dhearadh, a thástáil go tréimhsiúil agus a athbhreithniú.

*Airteagal 2*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann athbhreithneoirí seachtracha faireachán agus meastóireacht ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá a gcuid córas, acmhainní agus nósanna imeachta**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann athbhreithneoirí seachtracha faireachán agus meastóireacht ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá a gcuid córas, acmhainní agus nósanna imeachta, dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) déantar an faireachán agus an mheastóireacht le feidhm atá neamhspleách ar na línte gnó;

(b) áirítear an méid seo a leanas ar na bearta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh sna measúnuithe faireacháin:

(i) sáruithe, earráidí, gearáin, teagmhais agus neasteagmhais a thaifeadadh i meán a stóráiltear go leictreonach;

(ii) gníomhaíochtaí feabhais a chinneadh maidir le sáruithe, earráidí, gearáin, teagmhais agus neasteagmhais;

(iii) eintiteas nó duine atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar gach easnamh a shannadh;

(iv) an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta a thuairisciú don bhainistíocht shinsearach, don chomhlacht maoirseachta, nó don chomhlacht bainistíochta;

(v) a áirithiú go ndéanfaidh an comhlacht bainistíochta formhaoirseacht ar chur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha.

*Airteagal 3*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-údarás ag an bhfeidhm chomhlíonta chun a cuid freagrachtaí a chur i gcrích i gceart agus go neamhspleách**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-údarás ag an bhfeidhm chomhlíonta de chuid athbhreithneora sheachtraigh a cuid freagrachtaí a chur i gcrích i gceart agus go neamhspleách, dá dtagraítear in Airteagal 29(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) tá beartais glactha ag comhlacht bainistíochta an athbhreithneora sheachtraigh lena gcuirtear ar a cumas don fheidhm chomhlíonta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh dlíthe, rialachán agus beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;

(ii) gníomhaíochtaí comhlíonta a dhéanamh go hoibiachtúil agus go héifeachtach gan tionchar míchuí;

(b) is fíor an méid seo a leanas maidir le comhalta amháin ar a laghad den fheidhm chomhlíonta:

(i) tá leibhéal sinsearachta aige a chuireann ar a chumas dó rochtain dhíreach a bheith aige ar chinnteoirí agus agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí gnó;

(ii) tá sé rannpháirteach i struchtúir an athbhreithneora sheachtraigh a bhfuil sé de chúram air formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus ar chomhlíonadh rialála chun a áirithiú go n-ionchorpraítear breithnithe comhlíonta i straitéis agus nósanna imeachta cinnteoireachta an athbhreithneora sheachtraigh.

*Airteagal 4*

***Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainní agus an saineolas is gá ag an bhfeidhm chomhlíonta***

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainní agus an saineolas is gá ag an bhfeidhm chomhlíonta de chuid athbhreithneora sheachtraigh, dá dtagraítear in Airteagal 29(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) tá an líon daoine a dhéanann an fheidhm chomhlíonta oiriúnach do chineál, scála agus castacht ghnó an athbhreithneora sheachtraigh;

(b) na daoine a dhéanann an fheidhm chomhlíonta i dteannta a chéile, tá na scileanna agus an taithí is gá acu maidir le bainistíocht riosca, iniúchóireacht, dlí nó comhlíonadh;

(c) tá córais ag an bhfeidhm chomhlíonta a chuireann ar a cumas di an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh an athbhreithneora sheachtraigh;

(ii) torthaí maidir le comhlíonadh a thaifeadadh, a thuairisciú agus a leigheas.

*Airteagal 5*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an bhfeidhm chomhlíonta ar an bhfaisnéis ábhartha uile**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an bhfeidhm chomhlíonta ar an bhfaisnéis ábhartha uile, dá dtagraítear in Airteagal 29(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) tá cearta rochtana fisiciúla agus digiteacha ag an bhfeidhm chomhlíonta ar an bhfaisnéis uile is gá chun a cuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach i gcónaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) córais faisnéise, bunachair sonraí, agus leabhair agus taifid ó fheidhmeanna corparáideacha agus rialaithe, lena n-áirítear acmhainní dlíthiúla, airgeadais, daonna agus TF;

(ii) miontuairiscí cruinnithe na gcomhlachtaí rialachais;

(iii) tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus tuarascálacha eile chuig an mbainistíocht shinsearach, chuig an gcomhlacht bainistíochta nó chuig an gcomhlacht maoirseachta;

(iv) tuarascálacha ó sceithirí;

(v) gearáin ó chustaiméirí;

(vi) faisnéis faoi fheidhmeanna arna seachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí;

(vii) faisnéis maidir leis na haonaid ghnó uile de chuid athbhreithneora sheachtraigh a sholáthraíonn seirbhísí seachas gníomhaíochtaí measúnaithe.

(b) tá rochtain fhisiceach ag an bhfeidhm chomhlíonta ar áitreabh gnó agus saoráidí gnó an athbhreithneora sheachtraigh.

*Airteagal 6*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta fónta**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta fónta, dá dtagraítear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) áirithítear leis na taifid a choimeádann an t-athbhreithneoir seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2023/2631 go bhfuil rian soiléir iniúchta ann maidir leis na teagmhais ábhartha uile;

(b) leis an gcóras cuntasaíochta, is féidir léiriú cothrom beacht a thabhairt ar staid airgeadais an athbhreithneora sheachtraigh agus tá sé i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacha cuntasaíochta is infheidhme.

*Airteagal 7*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sásraí rialaithe inmheánaigh fónta**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sásraí rialaithe inmheánaigh fónta, dá dtagraítear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) is mar a leanas atá an sásra rialaithe:

(i) tá sé éifeachtach chun neamhspleáchas na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ar na línte gnó a choimirciú;

(ii) tá sé leordhóthanach do chineál, scála agus castacht ghnó na n-athbhreithnithe seachtracha;

(b) tá creat bainistíochta riosca ann lena mbunaítear sásraí an athbhreithneora sheachtraigh chun na rioscaí uile a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chumas athbhreithneora sheachtraigh a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2023/2631 a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a thuairisciú go héifeachtach, agus chun faireachán éifeachtach a dhéanamh orthu;

(c) tá bearta rialaithe coisctheacha agus braiteacha ann chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí oibriúcháin sonracha;

(d) tá nósanna imeachta inmheánacha agus seachtracha ann maidir le faisnéis agus cumarsáid lena n-áirithítear sreabhadh faisnéise ábhartha, tráthúla agus iontaofa;

(e) tá nósanna imeachta faireacháin ann lenar féidir meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na sásraí rialaithe inmheánaigh.

*Airteagal 8*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na socruithe rialaithe agus coimirce le haghaidh córais próiseála faisnéise éifeachtach**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na socruithe rialaithe agus coimirce le haghaidh córais próiseála faisnéise éifeachtach, dá dtagraítear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) cuirtear struchtúr rialaithe agus coimirce chun feidhme ar ina leith a bhfuil an méid seo a leanas fíor:

(i) tá sé iomchuí do chineál, scála agus castacht an athbhreithneora sheachtraigh

(ii) áirithítear bainistíocht éifeachtach stuama ar rioscaí TFC leis;

(b) tá bainistíocht éifeachtach stuama ar rioscaí TFC ann lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) measúnuithe slándála ar chórais TFC agus ar chórais faisnéise uair amháin gach 24 mhí ar a laghad;

(ii) acmhainneachtaí iomarcacha TFC a chothabháil agus a thástáil chun leanúnachas an ghnó a áirithiú;

(iii) measúnuithe riosca ar chomhtháthú TFC tríú páirtí, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 9*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha le haghaidh a n-athbhreithnithe de cháilíocht leordhóthanach**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha le haghaidh a n-athbhreithnithe de cháilíocht leordhóthanach, dá dtagraítear in Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) tá an fhaisnéis iomlán agus soláthraítear léi léiriú cuimsitheach ar an tionscadal arna chistiú ag an mbanna, lena n-áirítear sonraí leordhóthanacha i ndáil le cineál agus earnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann;

(b) tá baint dhíreach agus shoiléir ag an bhfaisnéis le saintréithe an bhanna agus soláthraítear léi léiriú cruinn ar an tionscadal arna chistiú;

(c) tá an fhaisnéis i gcomhréir leis na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil do na hathbhreithneoirí seachtracha agus a n-athbhreithniú á dhéanamh acu agus, i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus ina dteastaíonn siad i leith a modheolaíochtaí, tá sonraí stairiúla inti;

(d) tá aon fhaisnéis ghaolmhar, lena n-áirítear ríomhanna, cóimheasa agus meastacháin, bunaithe ar dhearbhuithe réasúnta.

*Airteagal 10*

**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann an fhaisnéis a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha le haghaidh a n-athbhreithnithe ó fhoinsí iontaofa**

Is iad seo a leanas na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann an fhaisnéis a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha le haghaidh a n-athbhreithnithe ó fhoinsí iontaofa, dá dtagraítear in Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2023/2631:

(a) soláthraíonn an fhoinse faisnéise, nuair is gá, faisnéis a bhfuil fianaise oibiachtúil ag gabháil léi;

(b) tá an fhoinse faisnéise in ann a inchreidteacht a léiriú;

(c) tá na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis an bhfoinse faisnéise:

(i) doiciméid tacaíochta lena gcumhdaítear na bearta a rinneadh chun an fhaisnéis a bhailiú agus a phróiseáil;

(ii) sraith chuimsitheach doiciméad chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí stairiúla, i gcás inarb infheidhme;

(iii) doiciméad ina dtugtar tuairisc ar aon teorainn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'úsáid na foinse faisnéise, lena n-áirítear bearnaí sonraí agus saincheisteanna inrianaitheachta a d'fhéadfadh a bheith ann;

(d) tugann an fhoinse faisnéise tús áite d'fhaisnéis atá faoi réir ceanglas maidir le nochtadh de réir an dlí, iniúchtaí, measúnuithe comhréireachta, dearbhú neamhspleách nó deimhnithe aitheanta nó, i gcás nach bhfuil sí ar fáil, faisnéis atá faoi réir caighdeáin is infheidhme a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabail agus dea-chleachtais arna bhforbairt ag comhlachtaí idirnáisiúnta inchreidte lena dtugtar treoraíocht maidir leis an gcaoi ar cheart faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht a ullmhú, a chur i láthair nó meastóireacht a dhéanamh uirthi, fiú mura gceanglaítear sin go dlíthiúil nó mura bhfuil sí faoi réir iniúchadh reachtúil.

*Airteagal 11*

**An fhormáid atá le leanúint don iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír**

1. Iarratasóirí ó thríú tíortha a bhfuil aitheantas á lorg acu mar athbhreithneoirí seachtracha ar Bhannaí Glasa Eorpacha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo isteach san fhormáid a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin.

2. Soláthróidh iarratasóirí ó thríú tíortha an t-iarratas do ESMA i bhformáid mheaisín-inléite lena gcumasaítear an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh an fhaisnéis inrochtana go ceann tréimhse leordhóthanach chun an t-iarratas a dhéanamh;

(b) go mbeifear in ann an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú.

3. Soláthróidh iarratasóirí uimhir thagartha uathúil do gach doiciméad a chuireann siad faoi bhráid ESMA. Áiritheoidh iarratasóirí go sainaithneofar go soiléir san fhaisnéis a chuirfidh siad isteach cén ceanglas sonrach a leagtar síos in Airteagal 23(2) agus 42(3) de Rialachán (AE) 2023/2631 dá dtagraíonn sí agus cén doiciméad ina soláthraítear an fhaisnéis sin. Cuirfidh iarratasóirí an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar chuid dá n-iarratas agus sainaithneoidh siad go soiléir an doiciméad inar sholáthair siad an fhaisnéis is gá.

4. I gcás ina measann iarratasóir nach bhfuil feidhm ag ceanglas de chuid Rialachán (AE) 2023/2631 maidir lena iarratas ar aitheantas, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) ráiteas a dhéanamh chuige sin sa tábla lena mbaineann a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) an fáth a measann sé nach bhfuil feidhm ag ceanglas den sórt sin a mhíniú.

5. Cuirfidh iarratasóirí lena n-iarratas ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach tríú tír litir arna síniú ag comhalta de bhainistíocht shinsearach an iarratasóra, lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol don chomhalta sin, an dáta a chuirtear isteach é.

6. Coimeádfaidh athbhreithneoirí seachtracha nó ESMA na sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratasóirí ar aitheantas mar athbhreithneoir seachtrach chomh fada agus is gá chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas tosaigh agus ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis don iarratasóir sin scor dá fheidhm a chomhlíonadh.

7. I gcás inar dhiúltaigh ESMA aitheantas an athbhreithneora sheachtraigh is iarratasóir nó i gcás ina dtarraingíonn an t-iarratasóir a iarratas siar, coimeádfaidh ESMA na sonraí pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir sin laistigh de thréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis aitheantas an iarratasóra a dhiúltú nó tar éis an t-iarratas a tharraingt siar.

*Airteagal 12*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*